Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2003

Annual Report and Accounts 2003

An Chomhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais

National Council for the Professional Development of Nursing and Midwifery

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2003

Annual Report and Accounts 2003



An Chomhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil
an Altranais agus an Chnáimhseachais

National Council for the Professional
Development of Nursing and Midwifery

Ráiteas Misin na Comhairle Náisiúnta

Tá an Chomhairle ann chun ról gairmiúil na n-altraí agus na gcnáimhseach a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhfaighidh othair/cliaint cúram altranais agus cúram cnáimhseachais ar ardchaighdeán i dtimpeallacht sláinte a bhíonn ag síorathrú.

© An Chomhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais 2004

Arna fhoilsiú ag:
An Chomhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais
6-7 Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath

t: 353 1 882 5300
f: 353 1 868 0366
r: admin@ncnm.ie
l: www.ncnm.ie

Mission Statement of the National Council

The Council exists to promote and develop the professional role of nurses and midwives in order to ensure the delivery of quality nursing and midwifery care to patients/clients in a changing healthcare environment.

© National Council for the Professional Development of Nursing and Midwifery 2004

Published by:
National Council for the Professional Development of Nursing and Midwifery
6-7 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7

t: 353 1 882 5300
f: 353 1 868 0366
e: admin@ncnm.ie
w: www.ncnm.ie

Clár na nÁbhar

Baill na Comhairle Náisiúnta 6

Foireann na Comhairle Náisiúnta 8

Ráiteas an Chathaoirligh 10

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh 14

Ról agus Feidhmeanna na Comhairle Náisiúnta 20

Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte 22

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí 24

- An Bealach Chun Cinn 26
- Poist do Speisialtóirí Altranais/Cnáimhseachais Cliniciúla 28
- Poist d'Ardchleachtóirí Altranais/ d'Ardchleachtóirí Cnáimhseachais 32
- Aonaid Phleanála & Forbartha Altranais agus Cnáimhseachais 34
- Oideachas Leanúnach 36
- Tionscadal d'Altraí agus do Chnáimhseacha in Oideas a Thabhairt 38
- Taighde 40
- Cumarsáid agus Teagmháil 42
  - An Tríú Comhdháil Náisiúnta 42
  - Máistir-Ranganna 42
  - Láithreán Gréasáin 44
  - Nuachtlitir 46
  - Ag Obair leis an nGairm 48
  - Cuir i Láthair 50
  - Foilseacháin 54

Comhionannas a Chinntiú agus Meas ar Éagsúlacht a Chothú 56

Ráitis Airgeadais 60

Aguisín 82

Cláir Oideachais Leanúnaigh a bhí Ceadaithe le haghaidh Maoinithe i 2003

Contents

National Council Members 7

Staff of the National Council 9

Chairperson's Statement 11

Chief Executive Officer's Report 15

The Role and Functions of the National Council 21

Health Service Reform Programme 23

Activities Report 25

- The Way Ahead 27
- Clinical Nurse Specialist/Clinical Midwife Specialist Posts 29
- Advanced Nurse Practitioner/Advanced Midwife Practitioner Posts 33
- Nursing and Midwifery Planning and Development Units 35
- Continuing Education 37
- Nurse and Midwife Prescribing Project 39
- Research 41
- Communication and Contact 43
  - Third National Conference 43
  - *Master Classes* 43
  - Website 45
  - Newsletter 47
  - Working with the Profession 49
  - Presentations 51
  - Publications 55

Ensuring Equality and Valuing Diversity 57

Financial Statements 61

Appendix 83

- Continuing Education Programmes Approved for Funding in 2003

Baill na Comhairle Náisiúnta

Liam Dunbar	*Cathaoirleach*	
Valerie Small	*Altranas Gineardlta*	*Ardchleachtóir Altranais (Éigeandáil), Ospidéal Naomh Séamas,* Baile Átha Cliath
Maura Nash	*Altranas do Dhaoine faoi Mhichumas Meabhrach*	Príomhfheidhmeannach, COPE Foundation, Corcaigh
Pearse Finegan	*Altranas Síciatrach*	Príomhoifigeach Altranais, Ospidéal Mhuire, Caisleán an Bharraigh
Antoinette Doocey	*Altranas Sláinte Poibli*	Ball den Tascfhórsa um Phríomhchúram, An Roinn Sláinte agus Leanaí
Aveen Murray	*Altranas do Leanaí Breoite*	Stiúrthóir Cúnta Altranais, Ospidéal Adelaide & na Mí, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht
Patrick Hume	*Cúram do Dhaoine Aosta*	Comhordaitheoir Ceantair, Seirbhísí do Dhaoine Aosta, Bord Sláinte an Iarthuaiscirt, Leitir Ceanainn
Anne Marie Moran	*Teagascóir Altranais*	Comhordaitheoir Cúrsa, An Scoil um Staidéar Altranais, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Caisleán an Bharraigh
Kathryn McQuillan*	*Cnáimhseachas*	Bainisteoir, An Barda Breithe, An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath
Anne Carrigy†	*An Bord Altranais*	An tUachtarán, An Bord Altranais
Eileen Kelly	*An Bord Altranais*	Stiúrthóir, Ionad Oideachais Altranais, Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh
Colum Bracken	*Bainisteoir Sinsearach Altranais*	Stiúrthóir, Aonad Pleanála agus Forbartha Altranais agus Cnáimhseachais, Bord Sláinte an Oirthuaiscirt, Baile Átha Fhirdhia
Marie Keane	*Gníomhaireacht Fostóirí na Seirbhíse Sláinte*	Stiúrthóir Altranais, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
Hazel Daniels	*Gníomhaireacht Fostóirí na Seirbhíse Sláinte*	Stiúrthóir Altranais, Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge
Mary McCarthy	*An Roinn Sláinte agus Leanaí*	Príomhoifigeach Altranais, An Rannán um Beartas Altranais, An Roinn Sláinte agus Leanaí
Kieran Feely†	*An Roinn Sláinte agus Leanaí*	Príomh-Oifigeach, An Rannán um Beartas Altranais, An Roinn Sláinte agus Leanaí
Pearl Treacy	*Foraís Tríú Leibhéal (OÉ)*	Ollamh le hAltranas,Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Ollscoil na hÉireann, BÁC
Cecily Begley	*Foraís Tríú Leibhéal (neamh OÉ)*	Stiúrthóir, Scoil Staidéar Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste na Tríonóide, BÁC
Gerry McTaggart	*Foraís Tríú Leibhéal (Earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta/na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha)*	Stiúrthóir Staidéar Altranais, Scoil Eolaíochta, Institiúd Teicneolaíochta Dhún Dealgan

* D'éirigh as oifig ar 1 Márta 2003

† Ceaptha 8 Aibreán 2003

National Council Members

Liam Dunbar	*Chairperson*	
Valerie Small	*General Nursing*	Advanced Nurse Practitioner (Emergency), St James's Hospital, Dublin
Maura Nash	*Mental Handicap Nursing*	Chief Executive, COPE Foundation, Cork
Pearse Finegan	*Psychiatric Nursing*	Chief Nursing Officer, St Mary's Hospital, Castlebar
Antoinette Doocey	*Public Health Nursing*	Member of the Primary Care Task Force, Dept of Health and Children
Aveen Murray	*Sick Children's Nursing*	Assistant Director of Nursing, Adelaide & Meath Hospital Incorporating the National Children's Hospital, Tallaght
Patrick Hume	*Care of the Elderly*	Area Co-ordinator, Services for Older People, NWHB, Letterkenny
Anne Marie Moran	*Nurse Tutor*	Course Co-ordinator, School of Nursing Studies, GMIT, Castlebar
Kathryn McQuillan*	*Midwifery*	Manager, Delivery Ward, NMH, Dublin
Anne Carrigy†	*An Bord Altranais*	President, An Bord Altranais
Eileen Kelly	*An Bord Altranais*	Director, Centre of Nurse Education, Cork University Hospital, Cork
Colum Bracken	*Senior Nurse Manager*	Director, Nursing and Midwifery Planning and Development Unit, North Eastern Health Board, Ardee
Marie Keane	*Health Services Employers' Agency*	Director of Nursing, Beaumont Hospital, Dublin
Hazel Daniels	*Health Services Employers' Agency*	Director of Nursing, Waterford Regional Hospital
Mary McCarthy	*Dept of Health and Children*	Chief Nursing Officer, Nursing Policy Division, Dept of Health and Children
Kieran Feely†	*Dept of Health and Children*	Principal Officer, Nursing Policy Division, Dept of Health and Children
Pearl Treacy	*Third-Level Institutions (NUI)*	Professor of Nursing, School of Nursing and Midwifery, UCD
Cecily Begley	*Third-Level Institutions (non-NUI)*	Director, School of Nursing and Midwifery Studies, TCD
Gerry McTaggart	*Third-Level Institutions (IT/RTC sector)*	Director of Nursing Studies, School of Science, Dundalk IT

* Resigned 1 March 2003
† Appointed 8 April 2003

Foireann na Comhairle Náisiúnta

Príomhfheidhmeannach	Yvonne O'Shea, RGN, RM, RNT, BA, MSc (Eacnamaíocht)
Ceann na Forbartha Gairmiúla agus an Oideachais Leanúnaigh	Kathleen Mac Lellan, RGN, Dip Couns, MSc, PhD
Oifigigh um Fhobairt Ghairmiúil	Mary Farrelly, RPN, RGN, BNS, MMedSc (Altranas) Georgina Farren, RGN, RM, BNS (Hons), MSc (Cnáimhseachas) Jenny Hogan, RGN, BA (Hons) Christine Hughes, RMHN, RGN, RNT, BA, MEd, H Dip (Staidéir ar Mhíchumais Foghlama)
Oifigeach um Fhorbairt Taighde	Sarah Condell, RGN, RM, RNT, BNS, MA
Ceann ar Sheirbhísí Bainistíochta	Helen Bohan
Oifigigh Riaracháin	Jackie Lillis Paula O'Meara Lorna Byrne

Staff of the National Council

Chief Executive Officer	Yvonne O'Shea, RGN, RM, RNT, BA, MSc (Econ)
Head of Professional Development and Continuing Education	Kathleen Mac Lellan, RGN, Dip Couns, MSc, PhD
Professional Development Officers	Mary Farrelly, RPN, RGN, BNS, MMedSc (Nursing) Georgina Farren, RGN, RM, BNS (Hons), MSc (Midwifery) Jenny Hogan, RGN, BA (Hons) Christine Hughes, RMHN, RGN, RNT, BA, MEd, H Dip (Learning Disability Studies)
Research Development Officer	Sarah Condell, RGN, RM, RNT, BNS, MA
Head of Management Services	Helen Bohan
Administrative Officers	Jackie Lillis Paula O'Meara Lorna Byrne

Ráiteas an Chathaoirligh

Is tréimhse dhúshlánach í seo do na seirbhísí sláinte in Éirinn. Is í an aidhm atá ag obair na Comhairle Náisiúnta ná a chinntiú go mbeidh príomhról ag altraí agus ag cnáimhseacha i múnlú seirbhísí sláinte na todhchaí a trí fhorbairt ghairmiúil níos fearr a chur ar fáil dóibh.

D'aithin an Straitéis Sláinte *Ardchaighdeán agus Cothroime – Córas Sláinte Duitse,* na príomhchreatlaigh um athrú laistigh de sheirbhísí sláinte na hÉireann. Pléann Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras ospidéil géarmhíochaine, le príomhchúram, le sainseirbhísí, le maoiniú don tseirbhís sláinte, le bainistíocht acmhainní daonna, le faisnéis agus ardchaighdeán laistigh de na seirbhísí agus ar deireadh, pléann sé na saincheisteanna casta a bhaineann le hathchóiriú eagrúcháin.

Ina iomlán, is é atá sa chlár athchóirithe seo ná an anailís is cuimsithí a rinneadh riamh ar na seirbhísí sláinte in Éirinn, agus beidh athruithe bunúsacha ar na seirbhísí de bharr na moltaí a tháinig as. Mar sin, tá an clár seo ríthábhachtach agus suntasach do gach duine atá ag obair sna seirbhísí seo, chomh maith le bheith ríthábhachtach do na custaiméirí agus do na cliaint a mbíonn na seirbhísí seo ag freastal orthu.

Beidh impleachtaí ag Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte do thodhchaí na Comhairle Náisiúnta, do na seirbhísí a sholáthraíonn sí agus do na feidhmeanna a chomhlíonann sí. Cothófar na príomhfheidhmeanna laistigh d'Fheidhmeannas nua na Seirbhíse Sláinte. Tá an Chomhairle Náisiúnta ag súil leis na hathruithe atá romhainn san altranas agus sa chnáimhseachas a threorú laistigh d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Mar sin, cinnteofar go dtabharfar aird ar an gcumas atá ag altranas agus ag cnáimhseachas cur leis na hathruithe sin laistigh den tseirbhís sláinte athchóirithe.

Caithfidh forbairt ghairmiúil an altranais agus an chnáimhseachais a bheith mar chuid lárnach de chlár na n-athruithe, ionas go mbeidh ról iomlán ag an ngairm i gcruthú seirbhíse sláinte a léiríonn na hidéil a cuireadh in iúl sa Straitéis Sláinte. Tá an Chomhairle Náisiúnta iomlán díograiseach maidir le tacaíocht a thabhairt do na cuspóirí atá ag an gclár athchóirithe, is iad sin, níos mó éifeachtachta, éifeachtúlachta agus comhionannais a bhaint amach; tá sí iomlán díograiseach maidir le ciudiú leis na hathruithe a éilítear chun na hidéil sin a bhaint amach.

Chairperson's Statement

These are challenging times in the health services in Ireland. The work of the National Council is aimed at ensuring that, through enhanced professional development, nurses and midwives will play a key role in shaping the health services of the future.

The Health Strategy *Quality and Fairness - A Health System for You* identified the major frameworks for change within the Irish health services. The Health Service Reform Programme addresses issues facing the acute hospital system, primary care, specialised services, health service funding, human resource management, information and quality within the services and, finally, the complex area of organisational reform.

In its totality, this reform programme represents the most comprehensive analysis of the health services ever carried out in Ireland and the recommendations that have emerged are set to change the face of the services fundamentally. This is of great importance and significance to all of us who work within these services and to the customers and clients of these services.

The Health Service Reform Programme has implications for the future of the National Council, the services it provides and the functions it fulfils. The key functions will be maintained within the new Health Service Executive. The National Council looks forward to leading the changes ahead for nursing and midwifery within the Health Service Executive, in order to ensure that the capacity of nursing and midwifery to contribute to this change is realised within a newly reformed health service.

The professional development of nursing and midwifery must remain an integral part of the change programme in order that the profession will play a full role in creating a health service that reflects the ideals articulated in the Health Strategy. The National Council is committed to supporting enthusiastically the reform programme's objectives of greater efficiency, effectiveness and equity, and assisting in the implementation of the changes that will be necessary to achieve those ideals.

De réir Thuarascáil Hanly, "The nursing profession plays a central role in the health system. Nurses are often the first point of contact for patients. They comprise almost 40% of the healthcare workforce and provide care over a 24 hour, 7 day period." Is gné ríthábhachtach den chlár athchóirithe í forbairt ghairmiúil na n-altraí agus na gcnáimhseach laistigh d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte a chothabháil agus a láidriú . Caithfear uchtach a thabhairt d'altraí agus do chnáimhseacha cur leis an bpróiseas athchóirithe, chomh maith le dul i gcion air, ag gach céim iomchuí. Bíonn a gcuid inniúlachtaí agus a gcuid saineolais ríthábhachtach le héifeachtúlacht na seirbhísí, agus seachadadh na seirbhísí sin don phobal, a chinntiú.

Ó bunaíodh í, tá iarrachtaí déanta ag an gComhairle Náisiúnta teorainneacha na ngairmeacha altranais agus cnáimhseachais a fhorbairt agus a mhéadú. Fuarthas spreagadh ón gcuspóir atá aici an fhís den altranas agus den chnáimhseachas atá ar fáil i dTuarascáil Deiridh an Choimisiúin Altranais a chur chun cinn, agus ag an mian atá aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais na seirbhíse agus na gairme.

Tá treoir tugtha ag an gComhairle Náisiúnta i réimsí a bhaineann le forbairt ghairmiúil, oideachas leanúnach, forbairt conairí gairme agus taighde. Ina theannta sin, scaip sí faisnéis iomchuí faoin altranas agus faoin gcnáimhseachas i slí a bhí iomlán nua d'Éirinn. Tá dul chun cinn maith déanta ag an gComhairle Náisiúnta maidir le méid criticiúil faisnéise agus gníomhaíochta forbartha gairmiúla a chruthú. D'fhéadfadh na rudaí sin difríocht shuntasach a dhéanamh don bhaint a bhíonn ag altraí agus ag cnáimhseacha le seachadadh seirbhísí sláinte in Éirinn.

Thar ceann na Comhairle Náisiúnta, teastaíonn uaim fíorbhuíochas a ghlacadh leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an tUasal Micheál Martin TD; leis An Rannán um Beartas Altranais sa Roinn Sláinte agus Leanaí; agus leis na comhlachtaí gairmiúla agus ionadaíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a thug lántacaíocht don Chomhairle Náisiúnta agus í ag iarraidh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar altranas agus ar chnáimhseachas in Éirinn.

Ba mhian liom freisin mo bhuíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an gComhairle Náisiúnta agus lenár bhfoireann feidhmiúcháin, as an díograis iontach a léirigh siad le dhá mhí dhéag anuas. Gríosaím iad le tacaíocht mhórchroíoch leanúnach a thabhairt le go sáróimid na dúshláin atá amach romhainn, agus le go gcuirfimid na hathruithe i gcrích a bhfuil gá leo le feabhas a chur ar an ngairm agus ar sheirbhís sláinte na hÉireann.

Liam Dunbar
Cathaoirleach

As the *Hanly Report* states, "The nursing profession plays a central role in the health system. Nurses are often the first point of contact for patients. They comprise almost 40% of the healthcare workforce and provide care over a 24 hour, 7 day period." Maintaining and strengthening the professional development of nurses and midwives within the Health Service Executive will be a fundamentally important component of the reform programme. Nurses and midwives must be encouraged to contribute fully to, and influence, the reform process at all relevant stages. Their abilities and professional expertise are crucial in ensuring the effectiveness and delivery of services to the public.

Since its foundation, the National Council has endeavoured to promote the development and expansion of the boundaries of the nursing and midwifery profession. This has been motivated by its mission to fulfil the vision for nursing and midwifery contained in the Final Report of the Commission on Nursing and to address the needs of the service and the profession.

The National Council has provided leadership in professional development, continuing education, career pathway development and research. It has also served as a vehicle for the dissemination of relevant nursing and midwifery information in a way that had never been done before in Ireland. The National Council is well on the way to achieving its vision of creating a critical mass of information and professional development activity that is capable of making a substantial difference to the involvement of nurses and midwives in the delivery of health services in Ireland.

I would like on behalf of the National Council to express our sincere appreciation to Mr Micheál Martin, TD, Minister for Health and Children; the Nursing Policy Division of the Department of Health and Children; and to the many national, regional and local professional and representative bodies who have given generously of their support to the National Council in its efforts in furthering the development of nursing and midwifery in Ireland.

I would like to thank my colleagues on the National Council and our executive staff for their tremendous commitment over the past twelve months and urge their wholehearted continued support in meeting the challenges and implementing the changes that lie ahead for the betterment of the profession and the Irish health service.

Liam Dunbar
Chairperson

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

I 2003, chríochnaigh an Chomhairle Náisiúnta a ceathrú bliain d'oibríochtaí. Is tréimhse ghairid í seo, ach fós féin tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle Náisiúnta i gcothú an chláir oibre a d'aithin an Coimisiún Altranais. Is iad seo a leanas na torthaí atá bainte amach ag an gComhairle go dtí seo.

- Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm conair ghairme chliniciúil shoiléir don altranas agus don chnáimhseachas a théann leis na moltaí a rinne an Coimisiún Altranais.
- Tá an conair idirmheánach le haghaidh ceadú speisialtóirí altranais/cnáimhseachais cliniciúla fós á chur i bhfeidhm tríd an tír iomlán.
- Tá an borradh atá ag teacht ar líon na speisialtóirí altranais/cnáimhseachais cliniciúla ceadaithe in Éirinn de réir riachtanais na seirbhíse agus na forbartha atá ag teacht ar dheiseanna d'fhorbairt ghairmiúil. Go dtí seo, ceadaíodh 1,484 speisialtóirí altranais/cnáimhseachais cliniciúla.
- Tá an borradh atá ag teacht ar líon na n-ardchleachtóirí altranais/cnáimhseachais creidiúnaithe atá sa tír de réir riachtanais na seirbhíse agus soláthar cláir oideachais iomchuí. Go dtí, ceadaíodh seisear dóibh.
- Forbraíodh treoirlínte soiléire do chláir oideachais atá dírithe ar speisialtóirí altranais/cliniciúla agus ar ardchleachtóirí altranais/cnáimhseachais. Pléadh iad siúd le soláthraithe seirbhíse agus le forais tríú leibhéal.
- Tionóltar sé chruinniú dhéag sa bhliain agus bíonn na stiúrthóirí altranais/cnáimhseachais uile as gach réigiún atá i gcomhpháirtíocht leis na haonaid phleanála agus forbartha altranais agus cnáimhseachais i láthair.
- Cuireann gach aonad pleanála agus forbartha altranais agus cnáimhseachais pleananna nua chun maoinithe tionscnamh oideachais leanúnaigh bhreise faoi bhráid na Comhairle. Bíonn baint ag líon mór indeimhnithe altraí agus cnáimhseacha leis na tionscnaimh sin ar fud na tíre gach bliain. Go dtí seo, d'fhreastal níos mó ná 10,000 altra agus cnáimhseach ar chláir oideachais leanúnaigh a bhí maoinithe ag an gComhairle Náisiúnta.
- Tá tuarascáil mhionsonraithe ar na gníomhaíochtaí taighde atá ar siúl ar fud na tíre faoi láthair á hullmhú. Tá bunachair shonraí á bhforbairt le súil a choinneáil ar na tionscnaimh thaighde go léir.
- Forbraíodh clár chun taighde breise a chur chun cinn agus cuireadh i bhfeidhm é.

Chief Executive Officer's Report

In 2003, the National Council completed its fourth year of operations. In this comparatively short period of time, the National Council has made significant progress in progressing the agenda identified by the Commission on Nursing. The achievements of the National Council to date include the following:

- A clear clinical career pathway for nursing and midwifery has been designed and implemented in line with the recommendations of the Commission on Nursing.
- The intermediate pathway for the approval of clinical nurse/midwife specialists continues to be implemented throughout the country.
- The number of approved clinical nurse/midwife specialists in the country continues to grow in line with service needs and developing professional development opportunities. To date, 1,484 clinical nurse/midwife specialists have been approved.
- The numbers of accredited advanced nurse/midwife practitioners in the country continues to grow in line with service need and provision of appropriate educational programmes. To date, six have been approved.
- Clear guidelines have been developed for educational programmes for clinical nurse/midwife specialists and for advanced nurse/midwife practitioners. These have been negotiated with service providers and third-level institutions.
- Sixteen meetings per year are held with all directors of nursing/midwifery in each of the regions in partnership with the nursing and midwifery planning and development units.
- Each nursing and midwifery planning and development unit submits new plans for funding for additional continuing education initiatives involving a substantial and verifiable number of nurses and midwives throughout the country each year. To date over 10,000 nurses and midwives have attended continuing education programmes funded by the National Council.
- A detailed report on research activities currently in place throughout the country is in production. Databases are being developed to track all research initiatives.
- A programme to promote additional research has been developed and implemented.

- Tá an Tionscadal *Review of Nurses and Midwives in the Prescribing and Administration of Medical Products* atá á reáchtáil ag an gComhairle Náisiúnta i gcomhar leis an mBord Altranais fós ag dul chun cinn.

- Tugann comhdháil bhliantúil na Comhairle Náisiúnta deis do thart ar 1,000 altra agus cnáimhseach éisteacht le speisialtóirí ceannasacha, agus bíonn seans acu freisin ceisteanna a mbaineann ríthábhacht leo ó thaobh fhorbairt na gairme agus na seirbhísí a phlé.

- Bíonn cruinnithe rialta eagraithe le hionadaithe na gcoláistí tríú leibhéal agus tugtar cuireadh dóibh freisin freastal ar sheimineáir réigiúnacha na Comhairle Náisiúnta.

- Chruthaigh an Chomhairle Náisiúnta láithreán greasáin dílis le haghaidh na gairme, agus is acmhainn thábhachtach é sin anois le haghaidh altraí agus cnáimhseach. Aimsíodh an láithreán gréasáin os cionn leathmhilliúín uair do dti seo.

- Foilsíonn an Chomhairle Náisiúnta nuachtlitir gach ráithe ina mbíonn ailt agus faisnéis a mbaineann tábhacht leo. Bíonn gnáthscaipeadh thart ar 60,000 ag gach eagrán agus scaiptear é chuig gach altra agus cnáimhseach atá ar an gclár comhaltaí.

Mar achoimre, tá an Chomhairle Náisiúnta tar éis dul chun cinn a dhéanamh ar a lán de na saincheisteanna tábhachtacha maidir le forbairt ghairmiúil a d'aithin an Coimisiún Altranais agus atá le sárú ag altraí agus cnáimhseacha. Mar sin féin, níl an fhís fhadtréimhseach agus na straitéisí fadtréimhseacha a bhaineann le mórán de na saincheisteanna sin curtha i gcrích fós.

Faoi Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte, leanfar ar aghaidh le feidhmeanna na Comhairle Náisiúnta laistigh d'Fheidhmeannas nua na Seirbhíse Sláinte. Is léir go n-aithníonn próiseas an athraithe an méid atá bainte amach go dtí seo, agus go gcuireann sé leis. Tá sé tábhachtach a chinntiú go leanfar ar aghaidh le cur chun cinn béime leithne físe an Choimisiúin Altranais.

I 2003, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta *The Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery*, cápeis ina raibh torthaí an phróisis fhairsing taighde agus chomhairliúcháin a bhí ar siúl sa bhliain roimhe sin. Bhain an próiseas sin le níos mó ná ocht gcéad altra agus cnáimhseach, le dhá cheardlann is fiche, agus le cruinnithe breise leis na príomhpháirtithe leasmhara ó cheantair ar fud na tíre. Aithníonn an cháipéis Agenda na príomh-shaincheisteanna forbartha a bheidh i gceist don altranas agus don chnáimhseachas amach anseo, agus cuireann sí ardán ar fáil trín ar féidir freagraí straitéiseacha ar na saincheisteanna a chruthú.

Is iad seo a leanas na heilimintí substainteacha i gclár oibre na Comhairle Náisiúnta:

- Caitear taighde leanúnach a bheith mar bhunús le cleachtais altranais agus chnáimhseachais. Is saincheist sheirbhíse í sin agus tá nasc soiléir idir an taighde a dhéantar agus cúram ar ardchaighdeán agus roghanna a thabhairt d'othair.

- The *Review of Nurses and Midwives in the Prescribing and Administration of Medical Products* Project, run jointly by the National Council and An Bord Altranais, continues to advance.
- The National Council's annual conference provides an opportunity for approximately 1,000 nurses and midwives to hear leading specialists and discuss issues of central importance to the development of the profession and of the services.
- Regular meetings are held with representatives of the third-level colleges, who are also invited to participate in the National Council's regional seminars.
- The National Council has developed a dedicated website for the profession, which is now an important resource to nurses and midwives. To date over half a million hits have been recorded.
- The National Council publishes a quarterly newsletter, containing articles and information of value. It has an average circulation per issue of approximately 60,000 and is distributed to all nurses and midwives on the register.

In summary, the National Council has progressed many of the important professional development issues facing nurses and midwives that were identified by the Commission on Nursing. However, the long-term vision and strategies for many of these issues have yet to be realised.

Under the Health Service Reform Programme, the functions of the National Council will continue within the new Health Service Executive. Clearly, the change process recognises and builds on what has been achieved to date. It is important to ensure that the broad thrust of the vision of the Commission on Nursing should continue to be moved forward.

In 2003, the National Council published *The Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery*. This contained the results of an extensive research and consultation process that had taken place over the previous twelve months, involving over eight hundred nurses and midwives, twenty-two workshops and additional meetings with key stakeholders from all over the country. The Agenda document identifies the key development issues facing nursing and midwifery in the future and provides a platform for formulating strategic responses to these issues.

The following are substantive elements in the National Council's agenda:

- Nursing and midwifery practice needs to be underpinned by research on an ongoing basis. This is a service issue and is clearly linked with quality of care and choice for patients.

- Tá méadú i gcónaí ag teacht ar chúrsaí iarchlárúcháin a mbaineann faid, ábhair agus gradaim acadúla éagsúla leo. Bíonn gá ann i gcónaí le treoir d'altraí agus do chnáimhseacha nuair a bhíonn cláir iarchláraithe á roghnú acu.

- Taobh amuigh de chreidiúnú na gcúrsaí, tá gá le ról láidir leanúnach i bhforbairt na gcúrsaí sin chun dul i ngleic le riachtanas/forbairt seirbhíse ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais, ceangailte le buiséad oideachais leanúnaigh. Chun é seo a chur i gcrích tá sé tábhachtach go mbíonn comhoibriú leanúnach ar siúl leis na haonaid phleanála agus forbartha altranais agus cnáimhseachais, le coláistí tríú leibhéal agus leis na hionaid oideachais altranais. Tá bealach fada le dul fós ag an gcineál seo oibre agus tá gá le feidhmiú agus forbairt leanúnach.

- Agus an treo ina rachaidh oideachas iarchláraithe altranais sa todhchaí á mheas aige, thuig an Coimisiún Altranais go gcaithfí, ag an am céanna, creatlach comhtháite a fhorbairt d'oideoirí altraí atá páirteach faoi láthair i múineadh cláir iarchláraithe; ina measc siúd tá teagascóirí altranais, comhordaitheoirí cúrsaí agus éascaitheoirí cúrsaí. Mhol an Coimisiún go gcruthófaí comhcheapacháin chliniciúla agus acadúla chun go mbunófaí naisc láidre idir teoiric agus cleachtas cliniciúil speisialtóra.

- Leag *The Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery* béim ar rólanna nua cosúil le ról na n-éascaitheoirí scileanna cliniciúla a fhorbairt taobh le rólanna níos gnásúla, agus leag sé béim freisin ar an ngá atá ann na rólanna sin a athbhreithniú ag leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin leag an doiciméad Agenda béim ar an ngá atá ann tacú leis an altra ginearálaithe chomh fada agus a bhaineann sé le hinniúlachtaí cleachtais, forbairt gairme, earcaíocht agus coinneáil foirne. Tá gá ann monatóireacht a dhéanamh ar níos mó ná na gnáthchonairí gairme cliniciúla.

- Is díol imní é an baol folaigh a bhaineann le hilroinnt mhéadaithe i seirbhís an altranais agus an chnáimhseachais de bharr na forbartha tapa atá tagtha ar altranas agus ar chnáimhseachas agus de bharr méadú a bheith tagtha ar na deiseanna d'altraí agus do chnáimhseacha díriú ar ábhair faoi leith agus speisialtóireacht a dhéanamh ina gcuid cleachtas. Tá gá le pleanáil éifeachtach a dhéanamh ar an acmhainn altranais agus chnáimhseachais, go háirithe chun na riachtanais oideachasúla agus na scileanna altranais agus cnáimhseachais a aithint a mbíonn gá leo chun freastal ar riachtanais na seirbhíse sláinte.

Táimid ag tnúth go mór le leanúint orainn ag baint amach ár spriocanna lenár gcomhghleacaithe gairmiúla san altranas agus sa chnáimhseachas sna blianta atá amach romhainn.

Yvonne O'Shea

Príomhfheidhmeannach

- There remains a proliferation of post-registration courses of varying length, content and academic award and there continues to be a need for guidance for nurses and midwives when selecting post-registration programmes.

- As distinct from the accreditation of courses, there is a need for a continued strong role in the development of courses to match service need/development in a cost-efficient manner linked with continuing education budget. This requires ongoing collaboration with the nursing and midwifery planning and development units, third-level colleges and the centres of nurse education. This area of work is at a very early stage and needs continued facilitation and development.

- The Commission on Nursing, in considering the future direction of post-registration nursing education, was conscious of the need to develop simultaneously a coherent framework for the nurse educators currently involved in the delivery of post-registration programmes; these include nurse tutors, course co-ordinators and course facilitators. The Commission recommended the creation of joint clinical academic appointments to establish strong links between theory and specialist clinical practice.

- The *Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery* highlighted new roles such as clinical skills facilitator developing alongside more conventional roles and the need to review these at national level. The Agenda document also highlighted the need to support the generalist nurse in terms of competencies for practice, career development, staff recruitment and retention. There is a need to monitor more than the conventional clinical career pathways.

- The rapid development of nursing and midwifery and the increasing opportunities for nurses and midwives to focus and specialise in their practice raise concerns about the potential for increased fragmentation of the nursing and midwifery service. Effective planning of the nursing and midwifery resource is required, particularly in identifying the educational and skills requirement of nursing and midwifery to match health service need.

We look forward to continuing to work with our professional colleagues in nursing and midwifery for many years to come in achieving our goals.

Yvonne O'Shea
Chief Executive Officer

Ról agus Feidhmeanna na Comhairle Náisiúnta

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta i mí na Samhna 1999 de thoradh ar Ionstraim Reachtúil (IR Uimh. 376, 30 Samhain 1999) ar a dtugtar *an tOrdú fán gComhairle Náisiúnta d'Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais (Bunú), 1999.* Thug an tAire Sláinte agus Leanaí an Ionstraim Reachtúil isteach.

Mar atá luaite san Ionstraim Reachtúil (Alt 4), is iad na feidhmeanna atá ag an gComhairle Náisiúnta ná:

a. Monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt leanúnach ar speisialtachtaí altranais agus cnáimhseachais, ag cur san áireamh athruithe i gcleachtas agus riachtanais seirbhíse;

b. Treoirlínte a chur le chéile chun cabhair a thabhairt do bhoird sláinte agus do chomhlachtaí chomhlachtaí iomchuí eile poist speisialtachta altranais agus cnáimhseachais a chruthú;

c. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí eile in oideachas leanúnach altranais atá á ndéanamh ag na boird sláinte agus eagraíochtaí deonacha;

d. Cabhrú le soláthraithe seirbhísí sláinte trí threoirlínte a leagan amach dóibh faoi roghnú na n-altraí agus na gcnáimhseacha ar féidir leo cur isteach ar thacaíocht airgeadais agus iad ag lorg deiseanna chun breis oideachas a fháil;

e. Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i dtaobh na ngníomhaíochtaí a mbíonn baint ag an gComhairle leo, an díscaoileadh airgid a dhéanann sí san áireamh.

Tugann na feidhmeanna seo léargas ar chúig cinn dóibh siúd a mhol an Coimisiún Altranais (alt 6.14)[1].

1. Rialtas na hÉireann (1998) *Tuarascáil an Choimisiúin Altranais: A Blueprint for the Future.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

The Role and Functions of the National Council

The National Council was established in November 1999 on foot of a Statutory Instrument (SI No 376, 30 November 1999) from the Minister for Health and Children and entitled *The National Council for the Professional Development of Nursing and Midwifery (Establishment) Order, 1999.*

As stated in the Statutory Instrument (Section 4), the functions of the National Council are:

a. To monitor the on-going development of nursing and midwifery specialities, taking into account changes in practice and service need;

b. To formulate guidelines for the assistance of health boards and other relevant bodies in the creation of specialist nursing and midwifery posts;

c. To support additional developments in continuing nurse education by health boards and voluntary organisations;

d. To assist health service providers by setting guidelines for the selection of nurses and midwives who might apply for financial support in seeking opportunities to pursue further education;

e. To publish an annual report on its activities, including the disbursement of monies by the Council.

These functions reflect five of those recommended by the Commission on Nursing (par 6.14)[1].

1. Government of Ireland (1998) *Report of the Commission on Nursing: A Blueprint for the Future.* Dublin: Stationery Office.

Clár Athchóiriúcháin na Seirbhíse Sláinte

I mí an Mheithimh 2003 sheol an Rialtas Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte mar chuid lárnach de chur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte dár teideal *Ardchaighdeán agus Cothroime – Córas Sláinte Duitse* (2001). Mar chuid den phróiseas comhchomhairle a bhaineann leis an gClár Athchóirithe, ar an 30 Meán Fómhair 2003 rinne an Chomhairle Náisiúnta aighneacht chuig an Oifig Tionscadail a bhí freagrach as an gclár a chur i bhfeidhm. Dhírigh an aighneacht seo, go háirithe, ar na conclúidí agus moltaí atá le fáil sa cháipéis *Audit of Structures and Functions in the Health System* (*Prospectus Report*, Meitheamh 2003). Cuimsíodh na nithe seo a leanas san aighneacht:

- Anailís ar shaincheisteanna altranais agus cnáimhseachais a bhaineann leis an gClár Athchóirithe
- Cúlra bhunú na Comhairle Náisiúnta agus na spriocanna atá bainte amach aici
- Na himpleachtaí a bhaineann le príomhfheidhmeanna na Comhairle Náisiúnta a chur san áireamh i bhFeidhmeannas na Seirbhíse Sláinte atá molta sa *Prospectus Report*.

Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte

Health Service Reform Programme

In June 2003 the Government launched the Health Service Reform Programme as an integral part of the implementation of the Health Strategy, *Quality and Fairness – A Health System for You* (2001). As part of the consultation process associated with the Reform Programme, the National Council made a submission to the Project Office responsible for the implementation of the programme on 30 September 2003. This submission concentrated in particular on the conclusions and recommendations contained in the *Audit of Structures and Functions in the Health System (Prospectus Report,* June 2003). The submission included the following:

- An analysis of nursing and midwifery issues relating to the Reform Programme
- The background to the establishment of the National Council and its achievements
- The implications of incorporating key functions of the National Council into the Health Service Executive as proposed within the *Prospectus Report*.

Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí

Activities Report

An Bealach Chun Cinn

Cuireadh le chéile dhá phríomhdhoiciméid i 2003; *Agenda for the Future Development of Nursing and Midwifery* agus *Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives*, a léirigh na rudaí ar cheart d'altraí agus do chnáimhseacha a chur san áireamh agus iad i mbun bealaí a fháil chun gluaiseacht chun cinn mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa gairmiúil.

An Clár Oibre d'Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais agus an Chnáimhseachais

I ndiaidh comhchomhairle cuimsithí leis na gairmeacha altranais agus cnáimhseachais in Éirinn, agus tar éis litríocht idirnáisiúnta a athbhreithniú, foilsíodh doiciméad de chuid na Comhairle Náisiúnta i mBealtaine 2003, ar a dtugtar *Agenda for the Future Development of Nursing and Midwifery*, le ceadú ó chomhaltaí na Comhairle Náisiúnta.

Is slat tomhais é an doiciméad seo a thaispeánann an dul chun cinn atá déanta san altranas agus sa chnáimhseachas ón uair a foilsíodh *Tuarascáil an Choimisiúin Altranais: A Blueprint for the Future* (1998). Leagann an doiciméad nua clár oibre amach le díospóireacht a dhéanamh ar roghanna, ar threoracha agus ar ghníomhartha don todhchaí i gcomhthéacs na Straitéise Sláinte reatha, *Ardchaighdeán agus Cothroime – Córas Sláinte Duitse* (2001) agus i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte (2003).

Treoirlínte d'Fhorbairt Punainne d'Altraí agus do Chnáimhseacha

Tar éis ceadú a fháil ó chomhaltaí na Comhairle Náisiúnta i Meán Fómhair 2003, foilsíodh *Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives* i bhfoirm doiciméide agus dlúthdhiosca léimh amháin CD-ROM agus seoladh é ag an tríú comhdháil náisiúnta i mí na Samhna. Tá na treoirlínte seo dírithe go háirithe ar altraí agus ar chnáimhseacha aonair a bhíonn ag obair go praiticiúil agus go laethúil sa chóras sláinte. Is é an cuspóir atá ag na treoirlínte seo ná cabhrú le haltraí agus le cnáimhseacha an chomaoin a chuireann siad ar an chúram díreach agus indíreach a aithint, a mheas agus a thaifeadadh, iad a spreagadh le taifid ar a gcuid forbairtí a stóráil go comhleanúnach agus go déanmhasach, agus treoir agus faisnéis a chur ar fáil dóibh faoi conas ar féidir leo a spriocanna gairmiúla aonair a bhaint amach i gcomhthéacs riachtanais na seirbhíse sláinte.

Scaipeadh *Agenda for the Future Development of Nursing and Midwifery* agus *Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives* go forleathan i measc príomhphearsanra agus páirtithe leasmhara agus bhí sé ar fáil ar an láithreán gréasáin chomh maith. Foilsíodh leaganacha achoimrithe díobh sna heisiúintí a cuireadh amach sa Samhradh agus sa Gheimhreadh faoi seach.

The Way Ahead

In 2003 two key documents, *Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery* and *Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives*, were produced that indicated what nurses and midwives should take into consideration when identifying ways of moving forward both as individuals and collectively as a professional group.

Agenda for the Future Professional Development of Nursing and Midwifery

After extensive consultation with the nursing and midwifery professions in Ireland and a review of international literature, the National Council's document *Agenda for the Future Development of Nursing and Midwifery* was approved for publication by National Council members in May 2003.

This document provides a benchmark for progress made in nursing and midwifery since the publication of the *Report of the Commission on Nursing: A Blueprint for the Future* (1998) and sets an agenda for debate on options, direction and action for the future in the context of the current Health Strategy, *Quality and Fairness – A Health System for You* (Department of Health & Children, 2001), and the Health Service Reform Programme (2003).

Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives

Following approval by National Council members in September 2003, the *Guidelines for Portfolio Development for Nurses and Midwives* were published in document and CD-ROM formats and launched at the third national conference in November. These guidelines are aimed particularly at individual nurses and midwives working at the forefront of healthcare delivery, for the purpose of assisting them to identify, reflect upon and record the contribution they make to direct and indirect care, encouraging them to store records of their development in a coherent and structured manner, and providing guidance and information on achieving their individual professional goals within the context of the needs of the health service.

Agenda for the Future Development of Nursing and Midwifery and *Guidelines for Portfolio Development for Nurses* and *Midwives* were distributed widely among key personnel and stakeholders and made available on the website. Summarised versions were included in the summer and winter issues of the newsletter respectively.

Postanna do Speisialtóirí Altranais/Cnáimhseachais Cliniciúla

